

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

**Innéacs na Ráiteas Airgeadais don Bhliain dar Críoch
31 Nollaig 2020**

	Leathanach
Ráiteas maidir le Freagráchtáí an Bhoird	3
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	4
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	5
Gníomhartha agus Costais Phá	6
Ráiteas Oibriúcháin	7
Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha	8
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	9-26
Aguisín 1	27

Leathanach 2

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

I Mír 51 den Acht sin, ceanglaítear go gcoimeádfaidh an BOO i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord na nithe a leanas a dhéanamh:

- (a) gnáthbheartais chuntasaíochta i gcomhair ullmhúchán ráitis airgeadais BOO a fheidhmiú
- (b) breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- (c) aon difríochtaí ábhartha ó na gnáthbheartais chuntasaíochta a chur in iúl agus a mhíniú

Tá an Bord freagach as leabhair chuí cuntais a choinneáil a noctann le cruinneas cuí ag aon am staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntíú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais mír 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an bord freagach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach

Síniú:

An Clr. Joe Newman

Dáta:

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) an 1 Iúil 2013 faoi florálacha an Acharta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Ar an dáta sin, ghlac BOOÁCDL seilbh ar shócmhainní, dliteanais agus feidhmeanna iar-Choiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath agus iar-Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, ghlac BOOÁCDL seilbh ar shócmhainní, dliteanais agus bainistiú ghníomhaíochtaí Ionad Oiliúna SOLAS.

Leagtar amach an Cód Cleachtas maidir le Rialachas Bhoird Oideachais agus Oiliúna in Imlitir 002/2019, a d'éisigh an Roinn Oideachais chuit na BOOnna go léir i mí Eanáir 2019. Ghlac BOOÁCDL an Cód sin ag a chruinniú an 26 Márta 2019.

Bunaíodh Bord nua do BOOÁCDL ar an 19 Lúnasa 2019 agus ag cruinniú ar an 16 Meán Fómhair 2019, cheap an Bord Coiste nua Airgeadais agus Coiste nua Iniúchóireachta agus Riosca.

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, admhaím gur ar an mBord atá an fhreagracht as a chinntíú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas rialuite inmheánacha atá idir eacnamaíoch, éifeachtach agus éifeachtúil. Ní féidir leis an gcorás ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú ionlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil ama.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta déanta ag an mBord chun timpeallacht iomchuí rialaithe a chinntíú trí na nithe a leanas:

- Sainmhíniú soiléir a thabhairt ar fhreagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne.
- Nósanna imeachta a leagan amach chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun beart ceartúcháin cuí
- Córas foirmíúil bainistíochta riosca a chur ar bun, ina leagtar amach nósanna imeachta chun gach riosca a aithint agus a mheas a d'fhéadfadh cosc a chur ar an BOO a chuspóirí a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh atá á fheidhmiú in BOOÁCDL bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riarracháin mionsonraithe
- Dealú dualgas
- Údaruithe sainiúla
- Seiceálacha inmheánaigh
- Athbhreithnú miosúil a dhéanamh ar thuairisci ina leagtar amach torthaí iarbhir agus buiséadaithe na gelár atá á bhfeidhmiú ag an BOO.

Airítar le Creat Maoirseachta an Bhoird:

Seo a leanas na nithe a chuireann bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtach:

- An Príomhsheidhmeannach, agus freagracht air as an gcreat rialaithe inmheánaigh.
- Moltaí a dhéanann Oifig an Ard-Reachteaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta agus i dtuairiscí eile.
- Obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

An Coiste Iniúchóireachta agus

Tá obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC), a raibh ceithre chruinniú aige in 2020, mar bhonn eolais do mhaoirseacht an Bhoird ar an gcorás rialaithe inmheánaigh. Mar chuid de chlár oibre an ARC, breithníodh:

- Tuarascálacha ar an Iniúchóireacht Inmheánach
- Tuarascálacha ar an Iniúchóireacht Sheachtrach agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachteaire Cuntas agus
- Ráitis Bhliantúla Airgeadais
- Creat Bainistíochta Riosca
- Clár Rioscaí
- Clár Iniúchóireachta
- Tuarascáil ar Iniúchóireacht Comhlíonta
- Tuarascálacha ar Bhainistíochta Riosca ón Oifigeach Gnóthaí Poiblí (PAO)
- Tuarascáil ar thuairim an bhoird faoi leordhóthanacht agus oriúnacht na gcorás córas rialaithe inmheánaigh

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Sholáthair an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir TFE, an Ceannasaí Airgeadais, an Ceannasaí Acmhainní Daonna, an Ceannasaí Seirbhísí Corporáideacha agus an Ceannasaí TFC tuarascálacha ar fheidhmiú rialuithe agus ar airgeadas, agus bhuail siad leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2020.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don tréimhse tuairiscithe ábhartha ar an 15 Márta 2021.

An Coiste Airgeadais

Tá obair an Choiste Airgeadais, a raibh ceithre chruinniú aige in 2020, mar bhonn eolais do mhaoirseacht an Bhoird ar an gcóras rialaithe inmheánaigh freisin. Mar chuid de chlár oibre an Choiste Airgeadais, breithníodh:

- Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2020
- Moladh do Bhord AFS 2020
- Cuntas Mhíosúla Ioncaim agus Chaiteachais
- Tuarascálacha ar Bhainistíocht Riosca ón Stiúrthóir TFE agus ón PAO

Thuairiscigh an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir TFE agus na Ceannasaithe Airgeadais chuig an gCoiste

Rinne an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar na Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2020 ar an 24 Márta 2021 agus mhol sé don Bhord iad a ghlacadh.

Iniúchadh Inmheánach

Cuireann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na mBord Oideachais agus Oiliúna seirbhís iniúchóireachta inmheánaí ar fáil agus tugann sé tuairim fhoriomlán ar na réimsí a ndéantar iniúchóireach orthu. Bíonn an tuairim fhoriomlán bunaithe ar na tortaí a sainaithníodh le linn an iniúchta agus is iad seo a leanas na tuairimí féideartha:

Cuimsitheach: Tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus oibríonn sé go héifeachtach.

Leordhóthanach: Leordhóthanach - tá an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach tríd is tríd agus oibríonn sé go héifeachtach.

Neamhdhóthanach: Tá an córas rialaithe inmheánaigh neamhdhóthanach agus ní oibríonn sé go héifeachtach.

Rinneadh na hathbhreithnithe a leanas ar iniúchadh inmheánach sa tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020;

Rinneadh iniúchadh ar Sholáthar Sainoiliúna in 2019 agus fuarthas tuarascáil chríochnaitheach ó Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na mBord Oideachais agus Oiliúna i mí Eanáir 2020 agus seoladh í chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ba é toradh foriomlán na Tuarascála go raibh córas leordhóthanach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 10 moladh – 3 ard, 3 meánach agus 4 íseal. Tá 4 mholadh curtha i bhfeidhm agus tá obair idir lámha nó tá obair le tosú ar an 5 mholadh eile in 2021 agus tá siad le coimeád faoi athbhreithniú leanúnach. Is saincheist náisiúnta é ceann amháin agus tá sé á bhreithniú ar bhonn náisiúnta.

Rinneadh iniúchadh ar Oiliúint ar Conradh in 2019 agus fuarthas tuarascáil chríochnaitheach ó Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na mBord Oideachais agus Oiliúna i mí na Nollag 2020 agus seoladh í chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ba é toradh foriomlán na Tuarascála go raibh córas leordhóthanach rialuithe i bhfeidhm. Rinneadh 14 moladh – 1 ard, 9 meánach agus 4 íseal. Tá 5 mholadh curtha i bhfeidhm agus tá obair idir lámha nó tá obair le tosú ar an 8 mholadh eile in 2021 agus tá siad le coimeád faoi athbhreithniú leanúnach. Is saincheist náisiúnta é ceann amháin agus tá sé á bhreithniú ar bhonn náisiúnta.

Rinneadh iniúchadh in 2020 ar 7 n-iniúchadh a rinneadh roimhe sin. Níl an tuarascáil chríochnaitheach faigte fós ó Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Rinneadh iniúchadh ar bheartais in 2020. Níl an tuarascáil chríochnaitheach faigte fós ó Aonad

Measann BOOÁCDL nach leor an acmhainn iniúchta inmheánaigh atá ar fáil againn i bhfianaise a mhéad agus a chasta atá an eagraíocht. Tá uiríll ina leith seo á ndéanamh chuig an Roinn Oideachais le roinnt blianta anuas, agus lorgaodh céad le hiniúchóir inmheánach tiomnaithe a cheapadh. Cé nár tugadh an céad sin, aithníonn BOOÁCDL na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí, lena n-áirítear ceapadh Iniúchóra Inmheánaigh a roinnfear idir BOOÁCDL agus BOO eile.

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Sáruithe ar an gcóras rialaithe inmheánaigh um Sholáthar-

Tá BOOÁCDL ag obair i gceónaí ar a fhreagrachtaí go léir maidir le rialachán soláthair a chomhlíonadh. Is ann d'áisc ina bhfaightear earraí agus seirbhísí thar os cionn 90 láithreán trí phróisis um sholáthar iomaíoch, i gcomhréir le Beartas BOOÁCDL um Sholáthar, ach sáraíonn an luach carnach thar na láithreán go léir tairisceaana Náisiúnta/AE.

Bunaithe ar anailís ar an gcaiteachas a rinneadh in 2020 i réimsí inar iomchuí próiseas eTenders san eagraíocht trí chéile, aithníodh mar neamhchomhlíontach caiteachas €2,165,111 (gan CBL san áireamh). Ina theannta sin, aithníodh mar neamhchomhlíontach caiteachas €125,195 a bhain le COVID-19. Is mar seo a leanas na sonraí:

- (i) Caiteachas €326,745 ar leabhair sna scoileanna go léir, a íocadh le haon chuideachta amháin. Chuaign an conradh in éag i mí Lúnasa 2020. Tá creat OGP ar bun anois agus reáchtálfaidh BOOÁCDL mionchomórtas bunaithe ar an gcreat sin sa chéad ráithe de 2022.
- (ii) Caiteachas €323,125 ar chothabháil mheicniúil agus leictreach sna scoileanna/ionaid go léir, a íocadh le haon chuideachta amháin. Tá creat OGP ar bun anois agus reáchtálfaidh BOOÁCDL mionchomórtas bunaithe ar an gcreat sin sa chéad ráithe de 2022.
- (iii) Caiteachas €297,009 ar threalamh closamhairc sna scoileanna go léir, a íocadh le haon chuideachta amháin. Chuaign an conradh in éag i mí Iúil 2020. Tá tairiscint sa réimse seo á pleanáil agus déanfar í sa chéad ráithe de 2022.
- (iv) Caiteachas €237,733 ar Dhialanna Scoile sna scoileanna go léir, a íocadh le ceithre chuideachta éagsúla. Tá tairiscint sa réimse seo á pleanáil agus déanfar í sa chéad ráithe de 2022.
- (v) Caiteachas €159,767 ar pháipéir bhréagscrúduithe sna scoileanna go léir, a íocadh le haon chuideachta amháin. Rinneadh próiseas tairisceana i mí na Samhna 2020 agus tá an chatagóir chaiteachais sin comhlíontach anois.
- (vi) Caiteachas €145,735 ar chonraitheoirí leictreacha i gcomhair deisiúchán i scoileanna/ionaid, a íocadh le trí chonraitheoir. Tá creat OGP ar bun anois agus reáchtálfaidh BOOÁCDL mionchomórtas bunaithe ar an gcreat sin sa chéad ráithe de 2022.
- (vii) Caiteachas €92,352 ar chothabháil aláram dóiteáin sna scoileanna/ionaid go léir iofcha le cuideachta amháin. Déanfar anailís in 2021 ar an gcaiteachas sin agus ar na seirbhísí a soláthraíodh. Baileofar faisinéis ó scoileanna agus ó ionaid le go bhféadfar próiseas tairisceana a dhéanamh ón gGreat OGP.
- (viii) Caiteachas €71,529 ar Tháistíl agus Measúnacht Scoláirí sna scoileanna/ionaid go léir, a íocadh le dhá chuideachta. Déanfar breis anailísé ar an gcaiteachas sin in 2022 chun próiseas tairisceana iomchuí a bhrú chun cinn.
- (ix) Caiteachas €68,783 ar chomhpháirteanna TFC. Rinneadh tairiscint in 2020 agus tá conradh i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2020. Tá an méid sin comhlíontach anois.
- (x) Caiteachas €67,520 ar sholáthairtí adhmadóireachta sna hionaid oiliúna. Tá conradh i bhfeidhm i gcomhair soláthairtí adhmadóireachta do scoileanna. Féachfaidh BOOÁCDL leis an gconradh sin a leathnú amach chuig ionaid oiliúna.
- (xi) Caiteachas €374,813, a íocadh le roinnt soláthróirí, thar raon earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear priontáil, soláthairtí glantóireachta cúiréirí, slándáil, frainceáil, péintéireacht/maisiúchán, tacaíocht TFC, árachas, urláir, deisiúchán taisceadán, oilitiúint, mionoibreacha, seirbhísí sláinte ceirde agus leabhair scoile. Tá comhairle tugtha do scoileanna/ionaid earraí/seirbhísí a cheannach ó sholáthróirí ar conradh. Fiosrófar réimsí nach bhfuil aon chonradh i bhfeidhm iontu agus cuirfear plean ar bun i gcomhair próisis tairisceana iomchuí i rith 2021-2022.

Caiteachas €125,195 ar dhíghalrán lámh, táirgí glantóireachta agus TCP sna scoileanna/ionaid go léir, a íocadh le 12 sholáthróir éagsúla. Bhí scoileanna agus ionaid faoi bhrú oscailte go sábhlaithe i mí Mheán Fómhair agus mar gheall ar mhoilleanna leis an gcreat náisiúnta, nach raibh fáil air go dtí mí Lúnasa 2020, ceannaíodh roinnt táirgí/dáileoirí sláintíochta agus TCP ar bhonn éigeandála mar fhreagairt ar an bpaindéim agus ar na riachtanais sláinte agus sábhliteachta ghaolmhara.

Tá Plean Corparáideach Soláthair forbartha ag BOOÁCDL i gcomhair 2020-2021, ina leagtar amach gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar réimsí inar aithníodh neamhchomhlíontacht agus riachtanais soláthair eile ag BOOÁCDL. Leanfaidh BOOÁCDL de monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar gach réimse caiteachais chun deiseanna a shainaithint ina geuirfidh tairiscint agus úsáid a bhaint as Creata Náisiúnta atá ann cheana féin an luach is fearr ar airgead ar fáil agus ina gcomhlíonfar riachtanais chomhlíontachta.

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Calaois

Bhí ar BOOÁCDL dul i ngleic le cás amháin calaoise le linn 2020. Rinne an fhoireann an gníomh ionchuí, de réir an phrótacail chomhaontaithe.

- Cuireadh dhá idirbheart chalaoiseacha chun dochar cuntais eachtraigh. Baill foirne sa Cheannoifig a shainainn iad sin agus d'ordaigh siad don scoil teagmháil a dhéanamh leis na mbanc láithreach chun imscrúdú a dhéanamh orthu. D'aisiòc an banc go hiomlán luach na n-idirbheart le cuntas na scoile.

Nochtuithe cosanta

Ní bhfuair BOOÁCDL aon nochtadh cosanta in 2020 faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Bainistíocht Riosca

Tá Plean Corparáideach um Bainistíocht Riosca i bhfeidhm ag BOOÁCDL chun ranna feidhmiúla na Ceannoifige a chumhdach. Rinneadh athbhreithniú ar an gClár Riosca ag gach cruinniú den Choiste Iníúchóireachta agus Riosca in 2020 agus leanann an Coiste de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt Phlean Straitéiseach Bainistíochta Riosca BOOÁCDL.

Saincheisteanna a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh orthu ar leibhéal Earnála

Sáruithe ar an gcóras rialaithe inmheánaigh - Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Le Ciorclán 11/2014 cuirtear de dhualgas ar BOONNA ráitis agus ríomhanna sochair a chur ar fáil do bhaill na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Níor chomhlíon BOOÁCDL a oibleagáidí maidir le ráitis bhliantúla ar phinsin a sholáthar do gach ball den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair in 2020. Chuir an Feidhmeannas in iúl go bhfuil BOOÁCDL tuairim is 75% comhlíontach le ráitis phinsin a eisiúint chuit ball foirne amhail ag deireadh 2020. Is saincheist í seo a bhaineann ar fud earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna agus táthar ag dul i ngleic léi ar leibhéal náisiúnta.

Seirbhísí Comhroinnté Párolla

Bunaíodh an tSeirbhís Gnó Chomhroinnté Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnté a sholáthar san earnáil Oideachais. Aistríodh párolla na foirne ar fad in BOOÁCDL chug an tseirbhís i mí Iúil 2019. Tá an SGCO freagrach as próiseáil an phárolla, cé go bhfuil BOOÁCDL fós freagrach as treoracha a thabhairt don tSeirbhís Chomhroinnté maidir leis na hathruithe ar phárollaí agus ar an bhfeidhm AD. Dheimhnigh an Príomhfeidhmeannach gur chomhlíon sí a cuid freagrachtaí maidir le ceanglais an Mheabhráin Tuisceana agus an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse araon, a síniódh agus atá i bhfeidhm idir BOOÁCDL, an tSeirbhís Gnó Chomhroinnté Oideachais agus an Roinn Oideachais agus Scileanna – Ionad na Seirbhíse Gnó Chomhroinnté Oideachais (SGCO). Is iad na cáipéisí sin a chuireann bonn faoi fheidhmiú na Seirbhísí Comhroinnté Párolla ag an SGCP thar ceann earnáil na BOONNA. Braitheann an Príomhfeidhmeannach ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasáiochta na Roinne Oideachais go bhfeidhmítear rialuithe ionchuí i ndáil le soláthar na seirbhísí párolla ag SGCO do BOOÁCDL.

Seirbhísí Comhroinnté Airgeadais

Bunaíodh an tSeirbhís Gnó Chomhroinnté Oideachais (SGCO) chun seirbhísí comhroinnté a sholáthar san earnáil Oideachais agus Oiliúna agus béim á cur ar sheirbhísí comhroinnté párolla agus airgeadais a sholáthar do BOONNA sa chéad ásc. Tá BOOÁCDL mar chuid de ghrúpa cobhsúcháin in éineacht le cúig BOO eile a úsáideann an Córás Bainistíochta Airgeadais (CBA) céanna. I mí Iúil 2020, rinneadh an tseirbhís a uasghrádú chug an leagan is déanaí den CBA seo, i geomhar leis an bhFoireann SGCO.

An 1 Eanáir 2021, chun aghaidh a thabhairt ar thuairim an Choiste Iníúchóireachta agus Riosca gur laige rialaithe a bhí sa timpeallacht TFC ilchórais a bhí i bhfeidhm i BOOÁCDL, d'aistrigh BOOÁCDL cuid d'fheidhm cuntasáiochta an CBA a bhí i bhfeidhm i dtrí ionad go dtí an CBA uasghrádaithe a mbaintear úsáid níos leithne as ar fud BOOÁCDL. Bhí an timpeallacht ilchórais i bhfeidhm i rith 2020.

Paindéim Covid-19

Rinne BOOÁCDL measúinuithe ar thionchar Covid-19. Chuir an Feidhmeannas tuarascáil faoi bhráid an ARC ar an 15 Mártá 2021 inar tugadh le tuiscint go raibh na rialuithe i bhfeidhm leordhóthanach agus ionchuí, a mhéad is praiticiúil go réasúinach. Tá athbhreithniú déanta ar rioscaí a bhaineann le Covid-19, tá maolú déanta ina n-aghaidh agus tá siad taifeadta ar an gClár Riosca.

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá BOOÁCDL tiomanta do chóras rialaithe inmheánaigh a fheidhmiú atá idir éifeachtach, éifeachtúil agus tiosach. Deimhníم go ndearna an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais airgeadais inmheánaigh don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2020 ag cruinniú a bhí acu ar an 15 Márta 2021, ar an modh a phrordaítear sa Chód Cleachtas um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna.

Ina measc siúd bhí

- Chuir an Feidhmeannas tuairisc ar an athbhreithniú a rinne sé ar rialuite i láthair (ó bhéal agus le tuairisc i scribhinn) ag an gcruinniú ar an 15 Márta 2021. • Dheimhnigh an Príomhseidhmeannach leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh iomchuí agus leordhóthanach a mhéad is praiticiúil go réasúnach. Bhunaigh an Príomhseidhmeannach an ráiteas sin ar eolas a bailíodh ó bhainisteoirí sinsearacha i ngach cuid den eagraíocht.
- Rinneadh athbhreithniú ar na tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha agus seachtracha a eisíodh in 2020 agus go dtí seo in 2021, bualach le hionadaithe ón IAU-ETB, agus scrúdaíodh miontuairiscí cruinnithe an Bhoird lena chinntíú nach bhfuil aon neamhréireachtaí leis an measúnú ar rialú inmheánach a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i dTuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánach agus ionadaithe Bainistíochta.
- Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc (ó bhéal agus le tuairisc i scribhinn) ar an athbhreithniú a rinneadh ar na rialuite faoi bhráid an Bhoird an 29 Márta 2021.
- Athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí Rialachais agus Rialaithe in 2020 lena n-áirítéar:
- Rannpháirtíocht idir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Bord agus an Feidhmeannas
- Tuairisci ón bPríomhseidhmeannach, ón Stiúrthóir Tacaíochta Eagraíochta (TFE), ón Stiúrthóir Scoileanna agus ón Stiúrthóir Breisoideachas agus Oiliúna (BOaO) chuig an mBord
- Tuairisci ón bPríomhseidhmeannach, ón Stiúrthóir TFE, ón gCeannasaí Airgeadais, ón gCeannasaí Acmhainní Daonna, ón gCeannasaí Seirbhísí Corparáideacha agus ón gCeannasaí TFC chuig an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Moltaí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta agus nó i dtuarascálacha eile
- Moltaí a rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
- Tuarascálacha ar Bhainistíocht Riosca ón Stiúrthóir TFE agus ó Oifigeach Gnóthaí Poiblí BOOÁCDL
- An Clár Riosca a choinnítear cothrom le dáta agus a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn rialta.

Rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar an ráiteas sin ag an gcruinniú boird a tionóladh an 29 Márta 2021.

Sínithe: _____ Dáta: _____
An Clr. Joe Newman
Cathaoirleach

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún

Laoghaire

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir mar a éilltear faoi fhórálacha an Acharta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar na beartais chuntasaíochta
- an ráiteas oibriúcháin
- an ráiteas ar shócmhainní reatha agus dliteanais reatha, agus
- na nótáí a ghabhann leo

Is é mo thuairim,

- go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú iomchuí ar ioncam agus caiteachas an Bhoird don bhliain 2020 agus ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2020; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Oideachais.

Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógaírt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san agusín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlionta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus gurb iomchuí an fhianaise iniúchta atá faigte agam chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar fhasnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá fhasnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord in éineacht leis na ráitis airgeadais. San fhasnéis sin tá an ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, an ráiteas ar rialú inmheánach agus sceideal gníomhaíochtaí agus costas pá. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí as tuairisciú ar a leithéid d'hfasnéis, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú de réir eisceachta san agusín leis an tuairisc seo.

Neamh-chomhlíonadh rialacha soláthair

Tarraingim aird ar an ráiteas ar rialú inmheánach, ina nochtar gur thabhaigh an Bord caiteachas suntasach in 2020 ach nach raibh na nósanna imeachta a leanadh i dtaca leis sin i gcomhréir leis na treoiríntse soláthair phoiblí. Leagtar amach sa ráiteas freisin na céimeanna a ghlaic an Bord, nó atá beartaithe ag an mBord, chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 14 Nollaig 2021

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013
- leabhair chuí chuntais a choimeád, a noctann staid an Bhoird ó thaobh airgeadais de ag aon am le cruinneas réasúnach
- sócmhainní an Bhoird a chosaint agus bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtai eile a chosc agus a bhrath.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilitear orm faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird agus chun tuairisc orthu a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithé, ach ní hionann é agus ráthaiocht go mbraitheoir mishonrú ábhartha i gcónai nuair a bhíonn sé ann tar éis iniúchadh a dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iñiúchóireachta (ISAnna). D'fhéadfadh mishonruilte teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha dá mbeifi ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúcta. Agus sin á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar narioscaí a bheinneann le mishonrú ábhartha ar na ráitis airgeadais, cé acu deasca calaoise nó earráide; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do narioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchúi chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca nach mbraitheoir mishonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca a bheinneann le mishonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claoipháirteachas, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist
- Faighim tuiscint ar na gnéithe den rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhoinn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchúi sna himthosca, ach ní chun críochta tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaióchta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaióchta agus noctuithe gaolmhara.
- Déanaim amach an gcuirtear ioncam agus caiteachas an Bhoird i láthair i gceart sna ráitis airgeadais agus an gcuirtear staid ghnóthai an Bhoird i láthair sa ráiteas iamhéideanna, arna léiriú sa ráiteas ar shócmhainní reatha agus dliteanais reatha.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áiritear na noctuithe, agus cé acu a léiriú ar nach léirítear na hidirhearta agus na himeachtaí bunúsacha sna ráitis airgeadais ar bhealach a shásaionn prionsabal an chur i láthair chothroim.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithé an iniúchta agus torthái suntasacha an iniúchta, i measc ábhair eile, lena n-áiritear aon easnaimh suntasacha sa rialú inmheánach a shainainním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaitear le mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ni léirim aon fhoirm de chonclúid dearbhaithé ina leith

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilitear orm facioi na ISAnna an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, ar an gcaoi sin, a bhréithniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas atá faigthe agam le linn an iniúchta, nó má tá an chuma ar an scéal ar shli eile go bhfuil sí mishonraithe go hábhartha. Má dhéanaim amach, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil an fhaisnéis eile sin mishonraithe go hábhartha, éilitear orm an méid sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bheinneann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistíthe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscim má aithním nithe ábhartha a bheinneann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithé nó nuair nach raibh na hidirhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaitear iad.

Tuairiscim de réir eisceachta más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé gach fhaisnéis agus miníúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh taifid chuntasaióchta na Cuideachta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaióchta.

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**Ráitis Airgeadais – An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020****Gníomhartha agus Costais Phá****1 Príomhghnáomhaíocht**

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Oideachas agus Oiliúint ar fáil ar fud cheantar Chontae Bhaile Átha Cliath mar a leagtar amach thíos:

Seirbhís	Líon na suíomhanna*	Líon na rannpháirtithe**	Líon na dtairbhithé*
Leibhéal Bunscoile****	12	3,208	
Dara Leibhéal	31	18,777	
Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO)***	38		23,080
Ranganna Páirtaimseartha/Oiche****	7		2,140

Tagraíonn * do láithreacha atá faoi úinéireacht an BOO nó ar léas aige.

** I gcás an bhunleibhéal agus an dara leibhéal tá sé seo bunaithe ar líon na scoláirí ar an rolla sa scoilbhliain.
I gcás ranganna BOaO agus páirtaimseartha/oiche tá sé seo bunaithe ar líon na mac léinn aonair ar an rolla sa scoilbhliain.

*** Tagraíonn tairbhithe do líon iomlán na n-áiteanna ar glacadh leo sa bhliain. Ríomhtar é seo ach líon na scoláirí ar an rolla amhail ar an 1 Eanáir a shuimiú le chéile le gach scoláire eile a thagann ar an rolla le himeacht na bliana.

**** Tá Rannpháirtithe agus Tairbhithe ranganna páirtaimseartha/ranganna oíche san hionaid Oiliúna san áireamh sna figiúirí maidir le Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO).

*****Airítear 3 Scoil Speisialta ina bhfuil 42 rannpháirti.

2 Seirbhísí Eile

Feidhmíonn an Bord mar ghníomhaí freisin agus eagraíonn Tionscadail Fhéinmhaoinithe.

Baineann obair ghníomhaireachta le clár a réachtáil thar ceann eagraíochta eile nó scoláirí de réir chritéir chomhaontaithe agus aisíochtá costas na hoibre sin leis an mBord.

Is cláir iad Tionscadail Fhéinmhaoinithe a eagraítear faoi smacht iomlán an Bhoird don Bhoird nó d'eagraíochtaí eile.

3 Costais Phá

Is é pá an príomhcostas a bhíonn le seasamh ag an mBord agus léirítear sa tábla seo a leanas na raonta pá agus líon na bhfostaithe i ngach raon:

Raon pá	Líon na bhfostaithe	Costas in 2020*
0-59,999	2,893	79,001,584
60,000-69,999	361	23,583,864
70,000-79,999	338	25,237,473
80,000-89,999	140	11,688,017
90,000-99,999	38	3,608,281
100,000-109,999	40	4,164,466
110,000-119,999	17	1,959,535
120,000-129,999	10	1,227,945
130,000-139,999	1	137,885
Iomlán:	3,838	150,609,050

*Tá ÁSPC an fhóstóra san áireamh i gcostas 2020

Ní dhéanann an BOO ranníocafochtaí pinsin i leith a chuid fostaithe. Ó 2013 caithfidh gach iontrálaí nua dul isteach sa Scéim Pinsean Seirbhise Poiblí Aonair.

aoisliúntais bhreise (RAB), a easraíonn as Comhaontú Cobhsaiochta na Seirbhise Poiblí (2018-2020) agus as an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhise Poiblí, 2017. Is buan-ranníocafochta í an ranníocafochta aoisliúntais bhreise i leith luach saothair inphinsin. D'asbhain an BOO luach €3,989,127 de Ranníocafochtaí Aoisliúntais Breise ó fhostaithe, suim a focadh ar aghaidh leis an Roinn Oideachais.

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

FÁLTAIS	Nóta	An bhliain dar críoch 31/12/2020	An bhliain dar críoch 31/12/2019
		€	€
Deontais d'Iar-Bhunscoileanna agus don Cheannoifig	2	127,242,552	129,741,051
Deontais Bhunscoil	3	1,662,333	1,380,910
Deontais Breisoideachais agus Oiliúna	4	73,429,379	60,389,969
Deontais i leith Seirbhísí don Óige	5	10,662,616	10,929,826
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinithe	6	8,016,065	10,693,491
Caipiteal	7	17,028,410	9,157,540
		238,041,355	222,292,787

ÍOCAÍOCHTAÍ

Iar-Bhunscoileanna agus an Cheannoifig	8	122,682,383	127,659,833
Bunscoil	9	1,366,453	1,023,998
Breisoideachas agus Oiliúint	10	68,020,330	58,480,022
Seirbhísí don Óige	11	10,675,052	10,136,715
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinithe	6	7,206,845	10,376,684
Caipiteal	7	10,787,275	9,847,815
		220,738,338	217,525,067

Barrachas/(Easnamh) Airgid Thirim don Bhliain		17,303,017	4,767,720
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	22	(12,883,876)	(2,840,721)
Barrachas / (Easnamh) Fabhraithe Ioncaim don Bhliain		4,419,141	1,926,999
(Easnamh) / Barrachas Ioncaim amhail an 1 Eanáir		(14,911)	(1,941,910)
(Easnamh) / Barrachas Ioncaim amhail an 31 Nollaig	13	4,404,230	(14,911)

Síniú:

An Clr. Joe Newman
Cathaoirleach

Síniú:

Caitríona Murphy, Uas.
Príomhsheidhmeannach Gníomhach

Dáta:

Dáta:

Tá na nótaí idir leathanáigh 9 agus 26 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha amhail ar an 31 Nollaig 2020

	Nóta	<u>31/12/2020</u>	<u>31/12/2019</u>
Sócmhainní Reatha		€	€
Deontais Athfhilteacha Stáit	14	1,310,918	426,196
Deontais Chaipítíl Stáit	15	1,797,886	1,564,313
Iomcam Athfhilteach Eile	16	658,061	614,632
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	17	611,163	592,288
Iarmhéid Bainc		<u>37,760,733</u>	<u>20,457,716</u>
		<u>42,138,761</u>	<u>23,655,145</u>
Dliteanais Reatha			
Deontais Athfhilteacha Stáit	18	17,772,423	8,890,433
Deontais Chaipítíl Stáit	19	10,995,153	4,707,828
Iomcam Athfhilteach Eile	20	4,066,504	4,168,943
Dliteanais Phá agus Costas	21	4,900,451	5,902,852
		<u>37,734,531</u>	<u>23,670,056</u>
Glansócmhainní/ (Glandliteanais) Reatha		<u>4,404,230</u>	<u>(14,911)</u>
Léirithe ag			
Barrachas/ (Easnamh) Ioncaim	13	<u>4,404,230</u>	<u>(14,911)</u>

Anailís ar Bharrachas/ (Easnamh) Ioncaim

Clár
Scoleanna agus Ceannoifig
Clár Fhéinmhaoinithe

Barrachas/ (Easnamh) Coinnithe	Fabhrú		
	Barrachas/ Ioncaim/ (Easnamh) (Easnamh) Coinnithe	Barrachas/ Ioncaim/ (Easnamh) (Easnamh) Coinnithe	Barrachas/ Ioncaim/ (Easnamh) (Easnamh) Coinnithe
	31/12/2020	Do 2020	31/12/2019
	€	€	€
	487,678	3,343,736	(2,856,058)
	3,916,552	1,075,405	2,841,147
13	<u>4,404,230</u>	<u>4,419,141</u>	<u>(14,911)</u>

Síniú:

An Clr. Joe Newman
Cathaoirleach

Dáta:

Síniú:

Caitríona Murphy, Uas.
Príomhsheidhmeannach Gníomhach

Dáta:

Tá na nótaí idir leathanáigh 9 agus 26 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na Beartais Chuntasaíochta le haghaidh na Ráiteas Airgeadais don Blхиain dar críoch an 31 Nollaig 2020

1 Beartais Chuntasaíochta

1.1 Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaídhe Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar an 1 Iúil 2013 agus tá a fheidhmeanna leagtha amach in alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tháinig Scoileanna Náisiúnta Pobail faoi phátrúnacht an BOO ag túis scoilbhliain 2016/2017.

1.2 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

(a) Bonn a gCurtha i Láthair

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Oideachais le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá siad comhdhéanta de Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta, Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha agus notaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Nuaire ba ghá, rinneadh figíúirí comparáideacha don blхиain roimhe a lua arís ar an mbonn céanna leis na cinn don blхиain reatha.

(b) Ioncam, Caiteachas, Sócmhainní agus Dliteanais a Aithint

Sa Ráiteas Oibriúcháin, cuirtear Fáltais agus Íocaíochtaí i láthair de réir Grúpáil Chláir agus déantar an Barrachas/(Easnamh) Airgid Thirim a eascraíonn astu a cheartú do ghluaiseachtaí i bhféichiúnaithe agus i gereidiúnaithe eile chun an toradh ionmlán don tréimhse a dhéanamh amach ar bhonn fabhrú.

Déantar an Ráiteas ar Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha a ullmhú ar bhonn fabhrú ach an deontas stáit agus iarmhéideanna ó mhaoinitheoirí eile mheas de réir na rialacha maoinithe chun teacht ar mhéideanna a léiríonn an t-ioncam admhaithe gaolmhar a fuarthas agus an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh.

Cuirtear Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh faoi Shócmhainní Reatha. Cuirtear Dliteanais Phá agus Costas san áireamh faoi Dhliteanais Reatha.

(c) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar gach sócmhainn a cheannaítear, lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh oiliúna, a chlárú mar chaiteachas i mbliain a ceannaithe. Déantar deontais stáit i gcomhair ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe a aithint sa blхиain chéanna.

(d) Stoic

Déantar gach stoc intomhalta a chlárú mar chaiteachas tráth a cheannaithe.

(e) Aoisliúntas

Is faoi scéimeanna le sochar sainithe a thugtar teidlíochtaí pinsin d'fhoireann an BOO, iad siúd a aistríodh ó SOLAS ina measc. Tá baill foirne a fostáidh ó 2013 sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus déantar íocaíochtaí míosúla leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina leith sin.

Cóinníonn an BOO na hasbhaintí a dhéantar ó phá fostaithe i leith na scéimeanna sin mar chuid de mhaoiniú comhaontaithe ón Státhiste, sin nó foctar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad.

Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíochtaí leis na scéimeanna.

Feidhmítear na scéimeanna neamhchistithe sin ar bhonn 'foctar mar a úsáidtear', rud a chiallaíonn go n-foctann Oifig Náisiúnta um Sheirbhís Comhroinnté na teidlíochtaí pinsin bliantúla go direach thar ceann an BOO. Is iad na BOOnna atá freagrach as riadaradh a bpínsean féin. Cuireann an Roinn Oideachais cistí pinsin ar fáil.

Níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais maidir le costas reatha na sochar amach anseo atá fabhraithe faoi na scéimeanna seo do bhaill foirne agus do phinsinéirí atá ann cheana.

(f) Cíosanna léasa

Cláraítear gach cíos léasa mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear é.

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais - An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

	An bhliain dar críoch hliain dar críoch	
	31/12/2020	31/12/2019
	€	€
2 Admhálacha na mBunscoileanna agus na Ceannoifige		
An Roinn Oideachais		
-Pá	110,322,809	116,421,900
-Neamhphá	11,511,249	9,428,786
-Cláir Ghaolmhara	5,104,098	3,227,360
An Roinn Oideachais - Fo-iomlán	<u>126,938,156</u>	<u>129,078,046</u>
Comhlachtaí Poiblí Éireannacha		
Táillí Teagaisc - Scoláirí	214,806	257,544
Banc	89,081	402,064
	509	3,397
	<u>127,242,552</u>	<u>129,741,051</u>
3 Fáltais Bunscoileanna		
An Roinn Oideachais	<u>1,662,333</u>	<u>1,380,910</u>
4 Fáltais ó Bhreisoideachais agus Oiliúint		
SOLAS	73,379,345	60,216,765
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas,		
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíocht	22,554	28,854
Scoláirí	27,480	63,350
Eile	-	81,000
	<u>73,429,379</u>	<u>60,389,969</u>
5 Fáltais ón tSeirbhís don Óige		
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	9,028,395	8,868,225
An Roinn Sláinte	832,208	1,096,376
POBAL agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	477,027	507,483
An Roinn Oideachais	231,049	266,553
TUSLA	90,793	91,189
